# Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

**Teimpléad aighneachta scríofa d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar mian leo freagra a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar chabhair duit (agus dod' chomhghleacaithe/eagraíocht) chun aighneacht scríofa a chur le chéile mar fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Le do thoil, seol do fhreagairt chomhlíonta chuig PCRRsubmissions@ncca.ie

***Sonraí aonair***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Dáta** | |
| **Ríomhphost** | |

***Sonraí na heagraíochta***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Bláthnaid ní Ghréacháin |
| **Post** | Ardfheidhmeannach |
| **Eagraíocht** | Gaeloideachas |
| **Dáta** | 29.01.21 |
| **Ríomhphost** | |

**Foilseoidh an CNCM na haighneachtaí scríofa a chuirtear chucu le linn an chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine / an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht seo a bheith foilsithe ar líne?**

**Toilím**

**Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí)**

1. Is í Gaeloideachas eagraíocht náisiunta ionadaíoch na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Is iad na scoileanna baill na heagraíochta agus cé go bhfuil stádas ag an eagraíocht mar pháirtnéir oideachais de chuid na Roinne Oideachais, feidhmíonn an eagraíocht mar ghuth neamhspleách thar ceann na scoileanna.
2. Is Ceanneagraíocht í Gaeloideachas leis an gcúram ***Tumoideachas, Gaeloideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge*** ó 2014, arna maoiniú ag Foras na Gaeilge.
3. Ról tacaíochta do na **Naíonraí** lasmuigh den Ghaeltacht
4. Is é an priomhról atá ag Gaeloideachas ná comhairle, cúnamh agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta dóibh siúd atá ag obair san earnáil agus don phobal maidir le gach gné den tumoideachas agus don chóras oideachas lán-Ghaeilge.
5. Líon scoileanna agus daltaí:

   *An Ghaeltacht:* Bunscoileanna 105 - 7,670 dalta Sa *Scéim Aitheantais Gaeltachta* as133 san iomlán
   Iarbhunscoileanna 28 – 3,800 dalta
   *Lasmuigh den Ghaeltacht*
   Bunscoileanna 147 - 37,090 dalta
   Iarbhunscoileanna 46 -10,524 (Aonaid san áireamh)
   NB: Níl daltaí 2020/2021 san áireamh thua

Cuimsíonn an chuid eile den teimpléad dhá roinn. Iarrtar ort i Roinn 1 do thuairimí ginearálta agus do mheas a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Is é struchtúr Roinn 2 ná na sé príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an dréachtchreat. Déantar achoimre ar gach teachtaireacht mar thaca leis an obair ar an bhfreagairt.

# Roinn 1

**Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.***

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis aighneacht a chur isteach ar na moltaí sa dréachtchuraclam agus roimh an deis comhthéacs na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bheith san áireamh sa chomhairliúchán. Tréaslaímid leis an CNCM as an uaillmhian a bhaineann leis na leasuithe molta agus leis an tábhacht a léirítear ar fhorbairt iomlánaíoch an pháiste agus na struchtúir foghlama agus teagaisc lena mbaineann. Fáiltímid roimh an suntas a thugtar don ró-ualach curaclaim atá aitheanta ag múinteoirí le fada an lá i measc na gconstaic is mó le hábhair an churaclaim a chur i ngníomh. San aighneacht seo, leagtar amach moltaí Gaeloideachas i leith na mórcheisteanna agus i leith na n-easnamh shuntasacha atá ann i gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Beimid ag súil go mór leis na deiseanna leanúint leis an gcomhairliúchán seo chun críche curaclam nua a thógann ar láidreachtaí agus buanna an churaclaim reatha, ach atá ag teacht le

riachtanais agus ionchais na ngeallsealbhóirí uile, go háirithe i leith teagasc agus foghlaim na Gaeilge mar ábhar agus mar theanga scoile.

**Comhtháthú mholtaí an CNCM le Polasaithe eile Stáit agus Struchtúr mar a bhaineann leis an nGaeilge agus an oideachas lán-Ghaeilge**

Ní mór an tírdhreach leathan a thógáil san áireamh ó thaobh tacaíocht an Stáit don Ghaeilge a thógáil san áireamh agus leasuithe ar churaclam na bunscoile faoi chaibidil.

1. Sa dréachtchreat, níl fís shoiléir ann maidir le daltaí agus an dátheangachas / daltaí agus an Ghaeilge. Ní thagann a bhfuil ann le fís an Stáit / Straitéis 20 bliain don Ghaeilge agus pobal dátheangach a chruthú agus a chothú.
2. Ní aon tagairt den tábhacht a bhaineann le cultúr, oidhreacht na teanga agus na tíre a cheiliúradh tríd an gcuraclam, go háirithe mar a bhaineann le tír le 2 theanga oifigiúil. Tagann sé seo salach ar churaclam teanga na bunscoile, a bhfuil sé seo lárnach ann.
3. Níl aon tagairt de churaclam teanga na bunscoile ná an chaoi a chomhtháthaíonn sé leis na forbairtí nua.
4. Ní luaitear an Polasaí don Oideachas Gaeltachta cé gur polasaí stáit é. Ní dhéantar tagairt / nasc sásúil leis an bpolasaí oideachais Gaeltachta agus tá cuma ar an scéal nár tugadh riachtanais na scoileanna Gaeltachta nó na gaelscoileanna san áireamh sa cháipéis chomhairliúcháin
5. Tá athrú saoil ollmhór tarlaithe ó forbraíodh an dréacht. An tírdhreach athraithe.
6. **Níl scoileanna Gaeltachta ná lán-Ghaeilge luaite ach amháin i bhfo-nóta.**
7. **Níl an tumoideachas luaite ach amháin i bhfo-nóta**. Tá 2 bhliain den Luath-thumoideachas: critéir riachtanach i scoileanna Gaeltachta; cleachtas forleathan sna gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht.
8. Tá gealltanas tugtha ag an RO d'fhorbairt polasaí stáit don oideachas lán-Ghaeilge agus polasaí stáit do mhúineadh na Gaeilge tríd na leibhéil – is gá iad seo a chomhthathú leis an gcuraclam nua.
9. Níl tagairt ar bith ann don chur chuige le RSO/taighde NCSE/Díolúintí & srl.
10. Cuireadh deireadh leis an scéim Modern Languages in Primary Schools i 2011 - an bhfuil aon rud le foghlaim as an gcinneadh sin.
11. Níl aon tagairt den FCÁT do na scoileanna T2.

**Tírdhreach Nua**

Níor tógadh an chianfhoghlaim – gur gné shuntasach den teagasc agus foghlaim a bheidh ann amach anseo – san áireamh agus an dréachtchuraclam á dhearadh. Tá impleachtaí móra don teagasc agus d' fhoghlaim teangacha ar líne agus níl aon taighde ann ar an ábhar seo a dhéanfadh an obair seo a threorú. Tá an tírdhreach athraithe go suntasach, agus ní fios cén fhad a mhairfidh na cúiseanna ina bhfuilimid, agus is gá sin a bheith san áireamh sa phleanáil churaclaim. Tá cúinsí reatha i ndiaidh a léiriú dúinn go bhfuil seans láidir go mbeidh cur chuige cumaisc linn go fadtéarmach / go buan.

**Forbairt Ghairmiúil**

Aontaíonn Gaeloideachas leis an ráiteas gur gairmithe tiomanta, sciliúla, gníomhaíocha iad múinteoirí agus príomhoidí na tíre**.** Leagtar amach thíos cúpla moladh a chuirfidh leis an gcumas sin i gcomhthéacs na bhforbairtí:

1. Traschur scileanna – tá ganntanas tuisceana ag múinteoirí air seo agus tá géarghá le hoiliúint/forbairt ghairmiúil ag gach leibhéal.
2. Tá forbairt ghairmiúil agus oiliúint luaite ar lch.26. Tá sé thar a bheith tábhachtach go leantar leis seo, agus go mbeidh oiliúint ar leith ann do scoileanna Lán-Ghaeilge/Gaeltachta. Tá deis anseo chomh maith bheith ag amharc ar mhúnlaí nua oiliúna. Tá féidearthachta ann sa teicneolaíocht oiliúint leanúnach a dhéanamh thar bhliain, nó tá fianaise ann nach bhfuil an oiliúint 'aon uair amháin' éifeachtach. Caithfidh oiliúint a bheith rialta agus leanúnach.
3. Tá oiliúint ag teastáil ó mhúinteoirí i gcur i bhfeidhm 'Aistear'.
4. Níl aon aitheantas ann do na dúshláin a bhaineann le teagasc na Gaeilge – sna scoileanna T1 agus T2. Go deimhin, ba shuntasaí breithiúnas an Phríomhchigire i leith teagasc na Gaeilge sna scoileanna.

> *Is léir meath ar thorthaí leanaí sa Ghaeilge ó Thuairisc an Phríomh-Chigire roimhe seo sa bhliain 2013, nuair a bhreithnigh cigirí go raibh cáilíocht na foghlama go maith nó ní b'fhearr in 76% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Níl an dul chun cinn is cóir á dhéanamh ag líon suntasach leanaí sa Ghaeilge. (ROS 2016:51)*

Maíonn an tuarascáil céanna gurb é teagasc na Gaeilge an t-ábhar is mó gá le forbairt, feabhas agus tacaíocht. Is moladh fíorshuntasach é sin i gcomhthéacs na pleanála don athfhorbairt churaclaim bunscoile.

5. Moltar clár feabhsúcháin Gaeilge do mhúinteoirí, amhail cláir i dtíortha eile ina bhfuil mionteanga mar mhodh nó mar ábhar teagaisc.

**Tábla de roghanna**

1. Molann Gaeloideachas go mbeidh am riachtanach ar leith sonraithe do chéad agus dara teanga na scoile.
2. Molann Gaeloideachas go dtreiseofaí an seasamh atá ag an nGaeilge mar chuid lárnach den churaclam teanga sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus nach mbeadh aon laghdú ó thaobh leithdháileadh ama ina leith.
3. Moltar tábla faoi leith le líon uaireanta molta do bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
4. Níl mórán béime ar an gceist faoin líon uaireanta i suirbhé an tuismitheora nó an suirbhé don mhúinteoir
5. Maidir leis na roghanna molta:
    - Le Rogha a 1 ní beidh aon chinnteacht don líon uaireanta do mhúineadh na Gaeilge in aon scoil
    - Le Rogha a 2 i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla beidh níos mó ama don Bhéarla ó naíonáin go rang a 2 agus beidh an Ghaeilge mar an gcéanna ach thíos leis 14% ó rang 3-6; agus i scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge beidh níos mó ama don Ghaeilge ó naíonáin go rang a 2 agus beidh an Béarla mar an gcéanna ach thíos leis 14% ó rang 3-6

- Le Rogha a 3 i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla beidh go leor ama breise don Ghaeilge agus beidh an Bhéarla thíos leis 31% ó rang 3-6; agus i scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge beidh go leor ama breise don Bhéarla agus beidh an Ghaeilge thíos leis 31% ó rang 3-6.

**6.** Laghdaíodh an líon ama a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge i 1980 ó 5 uair an chloig go 3 uair an chloig go leith. Ba spéis linn a thuiscint ar ndearnadh aon taighde ar cé na himpleachtaí a bhí aige seo ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge roimh 1980 agus i ndiaidh 1980 le líon níos lú ama caite uirthi sa churaclam.

# Roinn 2

## 1. Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Gur le gach páiste é.
- Go n-aithneoidh sé gairmiúlacht agus gníomhú mhúinteoirí agus phríomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin.
- Go gcuirfidh sé breis solúbthachta ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibhsan.
- Go ndéanfaidh sé naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais.
- Go gcuirfidh sé breis deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht seo.**

Fáiltíonn Gaeloideachas leis an gcoincheap a bhaineann le solúbthacht maidir le pleanáil agus socruithe amchláir a éascóidh deiseanna do scoileanna díriú ar na tosaíochtaí atá aitheanta acu. Bíonn rath na solúbthachta ag brath ar thaithí, ar chumas agus ar mhuinín an mhúinteora san oideolaíocht a bhaineann le hábhair ar leith. I gcomhthéacs na solúbthachta, moltar na pointí thíos a thógáil san áireamh.

1. D'fháilteodh scoileanna / múinteoirí roimh sholúbthacht ach treoir shoiléir ina leith a bheadh oiriúnaithe do na cineálacha éagsúla scoileanna atá ann. I gcás na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, bheadh bunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht, bunscoileanna Gaeltachta, scoileanna DEIS, scoileanna beaga, scoileanna móra srl. lárnach dó seo bheadh oiliúint chuí.
2. D'fháilteodh an dalta roimh neamhspleáchas agus solúbthacht, ach ar an mbonn go mbeadh tacaíocht ann chuige. Sna scoileanna T1, bheadh gá na háiseanna agus acmhainní cearta a bheith ann i nGaeilge a d'éascódh obair thionscadail agus foghlaim neamhspleách.

3. Caithfear a bheith cúramach leis an tsolúbthacht a thugtar in aon athrú ar Churaclam na Bunscoile nach ndéanfaidh sé dochar do dheiseanna dhaltaí an Ghaeilge a fhoghlaim amach anseo. Mar shampla, má ghlactar le rogha 1 sna roghanna leagtar amach ag an CNCM sa cháipéis comhairliúcháin do scoileanna ar an líon ama a chuirtear ar fáil do mhúineadh teangacha, d'fheadfadh scoil roghnú an líon ama do mhúineadh na Gaeilge a laghdú go suntasach agus dochar a dhéanamh d'fhoghlaim na teanga dá bharr. Moltar, mar sin, nár chóir dul leis an rogha seo.
4. Ba chóir aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge a cheangal le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal (mar atá luaite sa chlár Rialtais anois)

## 2 Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go leagfaidh sé amach fís soiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil.
- Go ndéanfaidh sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus go ndéanfaidh sé ceangal leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*
- Go dtacóidh sé le haistrithe oideachasúla trí naisc a dhéanamh lena bhfoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iarbhunscoil

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Aithníonn agus tacaíonn Gaeloideachas roimh an phrionsabal agus roimh na moltaí mar a bhaineann le leanúnachas idir na leibhéil. Tá leanúnachas sa tumoideachas fíorthabhachtach ó thaobh forbairt teangeolaíoch agus shóisialta an pháiste i leith na Gaeilge. Leagtar amach thíos áfach dúshláin struchtúrtha agus córasach roimh an leanúnachais:-

1. Tá dúshlán structúrtha ann sa mhéid is nach bhfuil cead ag bunscoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil ró-éileamh orthu tús áite a thabhairt do pháistí a d'fhreastail ar naíonra sa pholasaí iontrála. Níl aon aitheantas á thabhairt ag an staid go bhfuil sé seo ag cur bac le forbairt an luath-thumadh sa teanga.
2. Tá géarchéim ann ó thaobh cumas teanga na múinteoirí sna naíonraí. Tá géarghá le córas tacaíochta struchtúrtha ann chun cur go foirmiúil lena gcumas sa teanga, chun leasa na bpáistí agus sealbhú scileanna teanga cuí.
3. Ba chóir aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge a cheangal le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal (mar atá luaite sa chlár Rialtais).

Tacaíonn Gaeloideachas leis an suntas a thugtar do chur i bhfeidhm *Aistear* chun tacú le leanúnachas ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Is dlúthchuid de Churaclam Teanga na Bunscoile modheolaíochtaí agus prionsabail *Aistear*, rud a thacaíonn le leanúnachas ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Trí chineálacha éagsúla súgartha, sealbhaíonn páistí teanga, scileanna cumarsáide, cruthaitheacha, fionnachtana agus fadhb réitigh i dtimpeallacht chomhbhách shábháilte. Ardaítear an cheist áfach faoi dualgas atá ar mhúinteoirí bunscoile oiliúint a fháil ann, i bhfianaise gur clár roghnach é, agus faoin dualgas atá ar an Roinn an oiliúint sin a chur ar fáil sa chomhthéacs céanna. Moltar agus an curaclam nua á chur i bhfeidhm go mbeadh oiliúint agus forbairt ghairmiúil á chur ar fáil sa réimse seo agus go mbeadh sé mar chuid de chlár oiliúna do gach múinteoir.

D'fhorbair Gaeloideachas (Gaelscoileanna Teo. mar a bhí) acmhainn in éindí le Forbairt Naíonraí Teoranta (2011) - ***An Traein*** do chur chun cinn an leanúnchais ón naíonra isteach sa bhunscoil lán-Ghaeilge. Moltar go mbainfí leas as an acmhainn seo go foirmiúil, agus an próiseas aistrithe á éascú agus an curaclam nua á chur faoi bhráid na scoileanna.

## 4. Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go neadóidh sé seacht bpríomhinniúlachtaí trasna torthaí foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.
- Go ndíreoidh sé ar scileanna agus eolas páistí a fhorbairt mar aon le méin, luachanna agus dearcthaí. Is leathan iad na Torthaí Foghlama agus na Príomhinniúlachtaí chun cur síos ar an tuiscint níos leithne seo ar an bhfoghlaim.
- Go dtreiseoidh sé an bhéim ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus foghlaim dhigiteach, agus molann réimsí nua amhail Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Ar an iomlán, fáiltíonn Gaeloideachas roimh na n-inniúlachtaí atá leagtha amach sa dréachtchreat agus an uaillmhian a bhaineann leo. Aithnítear go gcuirfidh siad le foghlaim domhain agus le forbairt iomlán an pháiste, agus go gcuirfear le méin, luachanna agus dearcthaí na bpáistí i slí dearfach chun scileanna saoil a shealbhú. Táimid go mór i bhfabhar na tosaíochtaí seo a chur chun cinn.

Táimid sásta go bhfuil béim sa bhreis ar ábhair ar nós Corpoideachais agus OSPS/Folláine, ábhair atá agus a bheidh riachtanach d'fhorbairt iomlánaíoch agus dearfach an pháiste. Leagtar amach roinnt moltaí a dhéanfaidh freastal ar an earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

**I dtaobh na bPríomhinniúlahctaí:-**

1. Ní leor 'Cumarsáid A Dhéanamh Agus Teanga A Úsáid'. Moltar 'A Bheith Dátheangach' nó leibhéal faoi leith ar an gCreat Eorpach a bheith bainte amach do T1 agus T2 in ionad príomhinniúlacht atá róghinearálta agus a bheadh deacair le tomhais mar sin.
2. Níl páistí ag sroichint leibhéal líofachta sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Tá dúshláin móra le sárú ó thaobh teagasc na Gaeilge roimh an tríú teanga a chur sa churaclaim, dúshlán atá aitheanta i dtuairiscí an Phríomhchigire i leith teagaisc agus foghlaim na Gaeilge.
3. D'fhéadfaí an Ghaeilge a úsáid leis na príomhinniúlachtaí luaite ar leathanach 7 a láidriú i ngach mór gach inniúlacht luaite.

## Curaclam Teanga na Bunscoile

4. Níl traschur scileanna lárnach sa churaclam seo, is ar éigean go bhfuil sé luaite. Is curaclam comhtháite é Curaclam Teanga na Bunscoile bunaithe ar thaighde (Ó Duibhir & Cummins, 2012) an CNCM féin. Tá an bunsmaoineamh sin go mór in easnamh sa dréachtchreat. Téann an curaclam seo treo an aonteangachais (Gaeilge nó Béarla) gan aird ar an dátheangachais/déliteartthacht agus eolas ar dhá theanga i ngach réimse curaclaim.
5. Braitear gur aistriúchán ar churaclam do chóras aonteangach atá sa cháipéis. Níl iomrá ar fheasacht teanga, forbairt teanga, téarmaíocht, ag teacht chuig na réimsí curaclaim le dhá theanga, srl. Ba chóir go mbeadh tagairtí den dátheangachas agus úsáid an dá theanga i ngach réimse. Níl traschur scileanna luaite mar bhunchloch sna réimsí. Ba chóir go mbeadh traschur scileanna luaite leis an bpríomhinniúlacht 'Foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir.'

**A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach**

6. Más réimse curaclaim nua é seo bheadh ar an RO/CNCM a chinntiú go mbeidh áiseanna oiriúnacha ann do scoileanna Lán-Ghaeilge/Gaeltachta. Baineann sé seo le meas ar mhionteanga, go bhfuil sí le feiceáil ag daltaí sna meáin agus ar líne agus gur féidir bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach trí Ghaeilge. Baineann sé chomh maith le hinspreagadh agus le dearcadh ar an léitheoireacht Ghaeilge.

## 5. Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile:*

- Go mbeidh sé leathan agus cothrom ina aidhmeanna agus ábhar.
- Go mbeidh sé leagtha amach i gcúig réimse leathan curaclaim:
  - Teanga
  - Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
  - Folláine
  - Oideachas Sóisialta is Imshaoil

- Oideachas Ealaíon

(Ag teacht leis na cúig réimse thuas, déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá na réimsí seo nasctha le téamaí Aistear agus le saothar in ábhair sa tSraith Shóisearach.)

- Go soláthróidh sé eispéireas foghlama comhtháite, bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2) agus bunaithe ar ábhair i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang 3 – Rang 6).
- Go n-úsáidfidh sé torthaí foghlama leathana chun cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis i bpáistí.
- Go gcuimseoidh sé an Curaclam Teanga Bunscoile nua.
- Go mbeidh ábhair tacaíochta agus eiseamláirí d'fhoghlaim páistí ar fáil leis.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Molann Gaeloideachas go gcuirfear íosmhéid ama sa leithdháileadh ama seachtainiúil ar fáil do Theanga, do Mhatamaitic agus d'Fholláine mar bhunshraith d'fhorbairt an dalta. Is gá a bheith soiléir faoin am riachtanach ar leith atá sonraithe do chéad agus dara teanga na scoile agus go mbeadh sé soiléir go bhfuil an Ghaeilge mar chuid lárnach den churaclam teanga sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus nach mbeadh aon laghdú ó thaobh leithdháileadh ama ina leith.

Tá bonn dearfach curtha ag Curaclam Teanga na Bunscoile ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama ó thaobh na Gaeilge sna bunscoileanna le torthaí foghlama soiléire. Tá sé den riachtanas áfach go bhforbrófar breis ábhair thacaíochta do mhúinteoirí a thacóidh le cur i bhfeidhm na Gaeilge sa churaclam teanga agus atá ar chomhchaighdeán le hábhair do theagasc an Bhéarla, agus an raon céanna ag baint leo.

Ní mór na dúshláin atá le sárú ag scoileanna ó thaobh theagasc na Gaeilge atá luaite i dTuarascáil an Phríomhchigire a bheith san áireamh agus ábhair thacaíochta á ndearadh.

## 6. Ag tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go gcuirfidh sé teagasc, foghlaim agus measúnú den chéad scoth chun cinn.
- Go mbeidh an tuiscint ann ar mheasúnú mar ghné riachtanach, ríthábhachtach den teagasc agus den bhfoghlaim.
- Go n-aibhseoidh sé tábhacht bhreithiúnas ghairmiúil mhúinteoirí agus iad ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí.
- Go spreagfaidh sé múinteoirí chun naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena n-eispéiris.
- Go n-aithneoidh sé an tábhacht a bhaineann le gaolta d'ardchaighdeán agus an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim.**

**Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Tagann Gaeloideachas leis an uaillmhian atá leagtha amach maidir le modhanna agus na straitéisí teagaisc le measúnú. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhreathnaítear ar mheasúnú, ag tógáil san áireamh na pointí thíos luaite:-

- Ní mór scileanna liteartha a mheas, seachas Gaeilge / Béarla.
- Tá gá le huirlisí mheasúnaithe sa teanga agus don teanga.
- Ní chuirtear an dátheangachas ná an délitearthacht san áireamh. Tá dearcadh aonteangach ann. Tá deis anseo dearcadh nua a chur in iúl maidir le measúnú ar an dátheangachas. Má dhéantar measúnú ar pháistí dhátheangacha ar an dá theanga scartha óna chéile léirítear míbhuntáistí agus ní chuirtear na scileanna breise a bhaineann leis an dátheangachas san áireamh. Aithnítear go bhfuil sé seo dúshlánach, ach tá deis ann athrú mór dearfach a dhéanamh.
- Moltar breathnú ar an bhféidearthacht Ghaeilge a bhunú ar an bhFráma Coiteann Eorpach mar mhodh measúnaithe leis an bhfoghlaim sa bhunscoil a cheangal leis an iarbhunscoil agus an réamhscoil dá mbeadh gach cuid den Ghaeilge sa chóras oideachais ceangailte faoi aon pholasaí amháin (mar atá san áireamh sa chlár Rialtais)
- Sa cháipéis comhairliúcháin níl aon bhéim nó tagairt shuntasach den chóras nua 'Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)' atá tosaithe mar scéim phíolótach le déanaí ag an Roinn Oideachais. Léiríonn fianaise thaighde gur éifeachtaí a bhíonn an fhoghlaim teanga nuair a thugtar fúithi i gcomhar le hinneachar a fhoghlaim in ábhar eile seachas an teanga atá á foghlaim. Tá sé cruthaithe go gcuireann FCÁT le hoilteacht teanga na ndaltaí, gan dochar a dhéanamh dá gcéad teanga, ná don chaoi a n-éiríonn leo leis an réimse ábhair atá á mhúineadh. Cuireann FCÁT ar chumas foghlaimeoirí teacht i dteagmháil leis an teanga i gcomhthéacs agus úsáid a bhaint aisti le haghaidh fíorchumarsáide. (CNCM 2015). Ba thrua é gan an cur chuige foghlama seo a bheith aitheanta go lárnach mar chur chuige molta de chuid an CNCM thar réimse leathan ábhar an churaclaim.

## 1. Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999

*Chuir curaclam 1999 le roinnt mhaith buanna, iad seo a leanas san áireamh:*

- Mhéadaigh sé ar úsáid mhodheolaíochtaí gníomhacha san teagasc agus san fhoghlaim.

- Rinné sé foghlaim páistí níos taitneamhaí.
- Tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

*Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo:*

- Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar thionscnaimh agus ar chláracha, agus tosaíochtaí foghlama do pháistí a shoiléiriú.
- Nasc a dhéanamh le *Aistear: an Creatchuraclam Luath-Óige* agus *Creat don tSraith Shóisearach.*

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith na buanna agus láidreachtaí churaclam 1999, agus lena chois, ag aithint agus ag freagairt do dushláin, riachtanais agus tosaíochtaí. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Aithníonn Gaeloideachas go dtógann an dréachtcuraclam ar na láidreachtaí a bhain le Curaclam 1999 agus go ndéantar iad a chomhtháthú le riachtanais agus le hionchais comhaimseartha na ndaltaí, na múinteoirí agus na dtuismitheoirí. Tá rudaí fiúntacha molta le cur leis an gcuraclam, ach ní fios cén tionchar a bheith ar an gcuraclam ina iomláine, cé na himpleachtaí a bheadh ann do ghnéithe eile ná ní fios cén chaoi a dhéanfaí freastal orthu i nGaeilge.

Deirtear sa cháipéis chomhairliúchán: 'Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo: Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil'. Ní fheictear áfach gur féidir seo a bhaint amach nuair atá an tríú teanga molta don churaclaim sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh. Tá tuairim Gaeloideachas i leith an 3ú theanga sainithe thíos.

**An 3ú Theanga / Nuatheangacha**

Ann féin, is rud inmholta é deis a bheith ag daltaí teangacha eile a fhoghlaim ach tá imní orainn i leith an chur chuige beartaithe ar na cúiseann thíos:-

- Ar leathanach 13, dírithe ar nuatheanga agus cultúr eile a thuiscint. Níl iomrá ar bith ar féinaithne agus a gcultúr féin. Is trí do chultúr féin a chuirtear aithne ar chultúir eile ach tá neamhaird air sin. Ba chóir díriú anseo ar an dátheangachas, an délitearthacht, na scileanna meiteachognaíocha atá i gceist leis seo agus na féidearthachtaí a thugann sé do pháistí bheith ag plé leis na réimsí eile curaclaim agus réamheolas acu ar dhá theanga. Ba chóir go mbeadh cultúr na hÉireann luaite go sainiúil síos tríd, seachas cultúr gan chomhthéacs.
- Maidir le nuatheanga, tá traschur scileanna i gceist le teanga eile a fhoghlaim. Is féidir tógáil ar an dátheangachas le tríú teanga a fhoghlaim ach ní luaitear sin.

- Ní shainítear cén cumas ar scála an Fhráma Eorpach do Theangacha a bheadh i gceist don tríú teanga.
- Ní shainítear cén mhodheolaíocht taighde a d'úsáid an CNCM leis na hathruithe atá molta.
- Ní shainítear cén tionchar / dochar a d'imreodh tríú theanga ar am chlár na n-ábhar eile.
- Níl páistí ag sroichint leibhéal líofachta sa Ghaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Tá fadhbanna le sárú anseo roimh an tríú teanga a thabhairt isteach sa churaclaim.
- Moltar cúrsa feasachta teanga a thabhairt isteach sa churaclaim roimh an tríú teanga a thosú le cinntiú go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar cén fáth go bhfuil siad ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla agus cé na buntáistí a bhaineann le teangacha go ginearálta. D'fheadfaí blas do go leor teangacha éagsúla a thabhairt do na daltaí leis an gcúrsa feasachta seo.

- Ní shainítear cén cáilíocht a bheadh ag na múinteoirí ag múineadh an tríú teanga.
  - Ní shainítear an mbeadh na nuatheangacha mar riachtanais iontrála sna coláistí oiliúna amach anseo.
  - Moltar teagascóir neamhspleách a thabhairt isteach tar éis am scoile leis an tríú teanga a mhúineadh do na daltaí a bhfuil spéis acu ann, ar nós mar atá i roinnt mhaith scoileanna faoi láthair, ach go mbeadh an teagascóir íoctha as ag Roinn Oideachais i ngach scoil.

**Ráiteas Príobháideachais**

Tá lánmheas ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachta. Aon fháisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil don CNCM, cosnófar é le sárchaighdeáin slándála agus rúndachta, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh eolas uait maidir le cosaint sonraí, cliceáil anseo https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais , nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Chosaint Sonraí na CNCM ag dpo@ncca.ie

**Go raibh maith agat.**